

## **GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA FAOI NA hACHTANNA UM AN mBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA), 2012 – 2016**

### **Alt 3 Eisiaimh - MEASÚNÚ RIOSCA:**

Alt 3 - Eisceachtaí i gcásanna nach dtagann faoi shainchúram na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúchán

Ar na heisceachtaí ar an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán tá aon obair nó gníomhaíochtaí iomchuí dá ngabhtar:

1. I gcúrsa caidreamh teaghlaigh (cibé an raibh comaoin tráchtála i gceist leis nó nach raibh)
2. I gcúrsa caidreamh pearsanta (ar choinníoll nach bhfuil comaoin tráchtála i gceist leis)
- 3. Cúnamh ar bhonn ócáideach á thabhairt ag duine aonair (gan aon chomaoin tráchtála, agus nach mbaineann le 5 ghníomhaíocht shonraithe).**

*Alt 3(1) (c)*

*Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le ceann ar bith díobh seo a leanas, eadhon<:*

*(c) pearsa aonair do thabhairt cúnamh –*

*(i) ar bhonn ócáideach, agus*

*(ii) gan aon chomaoin tráchtála*

*ag ócáid nó gníomhaíocht scoile, spóirt nó pobail, seachas i gcás go bhfolaíonn an cúnamh sin **cóitseáil, meantóireacht, comhairle, múineadh nó oiliúint** leanaí nó daoine soghonta.*

Is cuid ríthábhachtach den reachtaíocht é Alt 3(1) (c).

- Cúnamh a thabhairt
- Ag pearsa aonair
- Ar bhonn ócáideach, agus
- Gan aon chomaoin tráchtála
- Ag scoil nó
- Ag ócáid spóirt nó gníomhaíocht spóirt nó
- Ag ócáid pobail nó gníomhaíocht pobail.

- Seachas (lena gciallaítear ‘ach amháin’)

Áirítear leis an gcúnamh a thagann faoin teideal ‘seachas’ (a sheachnaítear) aon rud is féidir a thuiscint mar Chóitseáil nó Meantóireacht nó Comhairleoireacht nó Múineadh nó Oiliúint le haghaidh leanaí nó daoine soghonta.

“Gan aon chomaoin tráchtála”

1. Cad atá i gceist le comaoin?

De réir an dlí, caithfidh 3 ghné ghinearálta a bheith ann chun conradh a chur ar bun

- (i) Tairiscint
- (ii) Glacadh le tairiscint
- (iii) Comaoin i.e. rud éigin a fhaigheann an duine a dhéanann an tairiscint ón duine a ghlacann leis an tairiscint.

Ní airgead amháin a bhíonn i gceist le comaoin, agus ní bhaineann an reachtaíocht le ‘comaoin’ amháin ach baineann sí le ‘comaoin tráchtála’ chomh maith.

Mar sin, más rud é go bhfuil airgead – nó rud éigin eile is féidir a aicmiú mar chomaoin tráchtála – á mhalartú, i gcás ina bhfuil obair nó gníomhaíochtaí ábhartha á ndéanamh, faightear réidh le hAlt 3(1) (c) agus beidh feidhm ag an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán.

Dá bhrí sin, de réir na reachtaíochta, i gcás ina dtugann duine aonair cúnamh gan aon chomaoin tráchtála i scoil, nó le himeacht nó gníomhaíocht spóirt/pobail, ar bhonn ócáideach, ar choinníoll dhocht nach bhfuil (1) cóitseáil, (2) meantóireacht, (3) comhairle, (4) múineadh ná (5) oiliúint le haghaidh leanaí nó daoine soghonta i gceist leis an gcúnamh sin, ansin ní gá an reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán a chur i bhfeidhm i leith an duine aonair sin.